

Scéal ón gcomhfhreagraí polaitíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc ó Shorcha Ní Riada, comhfhreagraí polaitíochta TG4. Dún do shúile an chéad uair agus **éist** leis an tuairisc. Ná féach ar an mír go fóill.

Pléigh an méid a thug tú leat leis an duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?



Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois, agus tar éis féachaint amháin, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. Ar thuig tú an mhír níos fearr an babhta seo? Cén fáth?
2. Cén t-eolas a d'aimsigh tú tar éis féachaint ar an mír nár aimsigh tú tar éis duit éisteacht léi an chéad uair?
3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo? 23 – 60 / 1.5% / 0.5%

Ceist 3 An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo a leanas? Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

- draft legislation
- new pension scheme
- the Exchequer
- Minister for Social Protection
- salary
- duty
- significant
- endlessly talking
- a step forward
- emergency

Féachaigí ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 4 ‘... scéim nua pinsin...’

Féach ar an dá shampla seo a leanas:

scéim pinsin

ACH

aois pinsin

1. Tá na hainmfhocail ‘aois’ agus ‘scéim’ baininsneach. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘pinsin’ tar éis ‘scéim’?
2. An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil séimhiú ar na samplaí ar chlé?

scoil samhraidh	vs	scoil gheimhridh
saotharlann foghlama	vs	saotharlann phaiteolaíochta
barraíocht bainne	vs	deoir bhainne
sraith céimeanna	vs	sraith bhleachtaireachta

Ceist 5 ‘... a Shorcha...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?
2. Conas a dhéanfa cur síos ar na rialacha a bhaineann leis an ngné úd?

Ceist 6 Is féidir an cheist thíos a phlé leis an duine in aice leat:

Dá mbuafá an lató agus dá mbeifeá in ann éirí as an obair agus tú daichead bliain d’aois, cad a dhéanfa? Ná déan dearmad den mhodh coinníollach agus tú ag caint. Mar shampla:

Cheannóinn...
Rachainn...
Stadfainn...
D’éireoinn as...
D’íofainn
D’ólfainn



Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar na foghlaimoirí éisteacht leis an mír uair amháin agus ansin plé a dhéanamh uirthi.

Ceist 2

Iarr orthu féachaint ar an mír anise agus plé a dhéanamh uirthi.

Ceist 3

draft legislation – *dréacht-reachtaíocht*

new pension scheme – *scéim nua pinsin*

the Exchequer – *an Státchiste*

Minister for Social Protection – *an tAire Coimirce Sóisialaí*

salary – *tuarastal*

duty – *dualgas*

significant – *suntasach*

endlessly talking – *de shíor ag caint*

a step forward – *céim chun cinn*

emergency – *géarchéim*

Ceist 4

Má théann tú go dtí leathanach 175 den Chaighdeán Oifigiúil, feicfidh tú go bhfuil a lán rialacha ann a bhaineann le séimhiú ar ainmfhocal tar éis ainmfhocal baininsneach. Ní bhaineann na samplaí thíos ach le cuid de na rialacha sin.

Má tá ainmfhocal sa ghinideach tar éis ainmfhocal baininsneach uatha, cuirtear séimhiú ar an ainmfhocail sin de ghnáth (ach tá go leor eisceahtá ann). Mar shampla: páirc pheile.

1. Baineann an focal ‘scéim’ le grúpa focal nach séimhítear na hainmfhocail ina ndiaidh. Seo iad na focail sin: *aicme, comhairle, corparáid, cuideachta, earnáil, feidhmeannacht, foireann, gníomhaireacht, institiúid, oifig, rannóg, roinn, scéim, seirbhís*.

2. Féach

scoil samhraidh vs scoil gheimhridh

*Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má chríochnaíonn an chéad ainmfhocal ar **d, n, t, l** nó **s** agus más dar tús **d, t** nó **s** an dara hainmfhocal.*

saotharlann foghlama vs saotharlann phaiteolaíochta

*Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más focal dar tús **f** an dara hainmfhocal.*

barraíocht bainne vs deoir bhainne

Má tá brí cainníochta ag an gcéad ainmfhocal, ní shéimhítear an dara hainmfhocal.

sraith céimeanna vs sraith bhleachtairéachta

Más sa tuiséal ginideach iolra atá an dara hainmfhocal, ní shéimhítear é.

Ceist 5

An tuiséal gairmeach.

✓ a + séimhiú a chuirtear roimh ainm duine = a Mháire, a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán

✓ má chríochnaíonn an t-ainm fireann le consan caol, caolaítear é = a Chiaráin, a Choilm

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá dréacht-reachtaíocht aontaithe ag an Rialtas chun scéim nua pinsin a bhunú don earnáil phríobháideach. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm in 2024 ar chostas 3,000 milliún euro¹ don Státchiste gach deich mbliana.

D'fhógair an tAire Coimirce Sóisialaí, Heather Humphreys, an scéim, ag rá, go gclárófar fostaithe idir 23 agus 60 bliain d'aois. Beidh 1.5 faoin gcéad den dtuarastal² á chur isteach sa phinsean ag fostaithe ag a thús, agus dualgas ar fhostóirí an méid céanna a chur isteach chomh maith, le 0.5 faoin gcéad eile a bheidh ag teacht ón Stát.

Agus linn anois, tá ár gcomhfhreagraí polaitíochta, Sorcha Ní Riada. A Shorcha, an plean pinsin seo atá ag an rialtas, cé chomh suntasach is atá sé?

Sorcha Ní Riada, Comhfhreagraí Polaitíochta

Bhuel, cinnte tá sé ana-shuntasach³ a Shiún, mar tá siad tar éis a bheith ag caint air seo leis na blianta. Is cuimhin liom go mbíodh, Joan Burton, a bhí ina ceannaire ar an Lucht Oibre tráth, de shíor ag caint air nuair a bhí sí siúd ina hAire Coimirce Sóisialaí. Agus ní sin, inniu ná inné. Is céim chun cinn é, mar tá a fhios againn go léir go mbeidh géarchéim ann ó thaobh íocaíocht phinsin amach anseo. Agus, ar a laghad laghdóidh sé seo an bhearna a d'fhéadfadh a bheith ann.

¹ 3 bhilliún euro

² Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

³ an-suntasach a scríobhtar sa chaighdeán